— Áitíonn an t-iarratasóir ina leith sin go bhfuil an litir dheimhnithe agus an nóta dochair bunaithe ar thoradh iniúchta a rinne an Coimisiún Eorpach a d'eisiaigh go neamhdhleathach, ó na costais incháilithe faoin gComhaontú Deontais a raibh an t-iarratasóir ina pháirtí ann, chun tairbhe a bhaint as na deontais dá bhforáiltear ann, bónais a bhronntar ar fhostaithe ar bhonn cuspóirí ginearálta.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar ionchais dhlisteanacha an iarratasóra.

— Áitítear ina leith sin i gcomhthéacs scéimeanna deontais roimhe seo a raibh an t-iarratasóir ina chuid díobh (go háirithe, den "7th Framework Programme"), ligeadh isteach gan forchoimeádas don scéim luach saothair a bhí eisiata leis na bearta atá faoi chonspóidtear, cé go raibh sí faoi réir scrúdú ag an gCoimisiún Eorpach.

— Leis an athrú gan údar cuí a bheith ag bhreithiúnas an Údaráis maidir le hinghlacthacht bónais ar phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh, sáraíodh prionsabal ionchais dhlisteanacha arna dhearbhú arís agus arís eile ag an gCúirt Bhreithiúnais agus ag an gCúirt Ghinearálta.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear léirmhíniú earráideach an Chomhaontaithe Deontais "Dogana" agus na forála conarthaí gaolmhaire, toisc go bhfuil costais incháilithe eisiata ar bhonn shonraí téacsúla an chonartha féin, ar na cúiseanna a leagtar amach i ndáil leis an gcéad saincheist.

---

**Caingean arna tabhairt an 27 Aibreán 2022 – Casablanca Clothing v EUIPO – Adrien (CASABLANCA TENNIS CLUB)**

**(Cás T-228/22)**

(2022/C 237/88)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Casablanca Clothing Ltd (Londain, An Ríocht Aontaithe) (ionadaithe: A. Cléry agus C. Devernay, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Adrien SARL (Marseille, an Fhrainc)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil leis an trádmharc "CASABLANCA TENNIS CLUB" – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach Uimh. 1 471 645

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le cúlghairm

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 22 Feabhra 2022 i gCás R 1186/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— an chuid Eorpach den trádmharc idirnáisiúnta "CASABLANCA TENNIS CLUB" Uimh. 1 471 645 a chlárú;

— a ordú do EUIPO na costais, lena n-áirítear na costais os comhair an Bhoird Achomhairc, a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---